Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022
(OR. en)

6899/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0057 (NLE)**

**AELE 9**
**EEE 10**
**N 8**
**ISL 8**
**FL 8**
**EF 70**
**ECOFIN 193**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gChomhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE (Rannpháirtíocht Stáit LEE CSTE i nGrúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe) |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE (Rannpháirtíocht Stáit LEE CSTE i nGrúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhchoiste LEE') a chinneadh, inter alia, Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú.

(3) Tá Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Tá Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IX agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

[2] Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

DRÉACHT

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE**
**Uimh. …**

**an …**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais[1] le ionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Tá Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088[2], le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 317, 9.12.2019, lch. 1.
2 IO L 198, 22.6.2020, lch. 13.

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31nb (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘31o. **32019 R 2088**: Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1) arna leasú le:

– **32020 R 0852**: Rialachán (AE) Uimh. 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 18 Meitheamh 2020 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach in Airteagal 4(3) agus (4) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh ó Chomhchoiste LEE Uimh..../... an [dáta an Chinnidh seo] nó ó dháta arna ainmniú faoin dlí náisiúnta tráth nach déanaí ná 12 mhí ina dhiaidh sin.

(b) In Airteagal 20, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

(a) i mír 2, léitear na focail 'ón 10 Márta 2021' mar "ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh..../... ó Chomhchoiste LEE an… [dáta an Chinnidh seo] nó dáta arna ainmniú faoin dlí náisiúnta tráth nach déanaí ná 12 mhí ina dhiaidh sin';

(b) i mír 3, léitear na focail 'ón 1 Eanáir 2022" mar "ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh..../... ó Chomhchoiste LEE an… [dáta an Chinnidh seo] nó dáta arna ainmniú faoin dlí náisiúnta tráth nach déanaí ná 12 mhí ina dhiaidh sin'.

31p. **32020 R 0852**: Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) In Airteagal 13(1)(d), cuirtear 'Comhaontú LEE' in ionad 'dlí an Aontais'.

(b) In Airteagal 27(2)(a), a mhéid a bhainean le Stáit CSTE, léitear na focail 'ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh' mar 'ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh..../... an … [dáta an Chinnidh seo] ó Chomhchoiste LEE nó dáta arna ainmniú faoin dlí náisiúnta tráth nach déanaí ná 12 mhí ina dhiaidh sin'.'

*Airteagal 2*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i bPrótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE:

'46. Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe (Rialachán (AE) 2020/852).'

*Airteagal 3*

Is téacsanna barántúla a bheidh i Rialacháin (AE) 2020/852 agus (AE) 2020/852 san Íoslainnis agus san Ioruais, rud atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*.

---

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, ….

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*